C/2024/1785

22.3.2024

P9_TA(2023)0313

An Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá: síneadh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2023 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síneadh ar an gComhaontú ar chomhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá (08892/2023) – C9-0186/2023 – 2023/0088(NLE))

(Toiliú)

(C/2024/1785)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08892/2023),

— ag féachaint do Chinneadh 98/591/CE ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir leis an gComhaontú ar chomhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur i gcrích ([1]),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 186 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0186/2023),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0242/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do shíneadh an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá.

([1]) IO L 284, 22.10.1998, lch. 35.